*Uimhir* 2 *de* 2006

# An tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta (Leasú), 2006

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 2 *de* 2006

# AN tACHT UM CHOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA (LEASÚ), 2006

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

Alt

1. Míniú.

2. An Príomh-Acht — oibriú agus bailíocht forálacha agus gníomhartha áirithe.

3. Gan difear a bheith déanta d'fheidhmiú cumhachtaí áirithe amach anseo.

4. Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú.

An tAcht dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| An tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 | 2001, Uimh. 8 |

*Uimhir* 2 *de* 2006

# AN tACHT UM CHOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA (LEASÚ), 2006

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO DHÉANAMH FORÁLA I nDÁIL LE hOIBRIÚ ALT ÁIRITHE DEN ACHT UM CHOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA, 2001 AGUS LE BAILÍOCHT AGUS ÉIFEACHT NITHE ÁIRITHE A AIRBHEARTAÍTEAR A DHÉANAMH FAOIN ACHT SIN.

[4 *Márta* 2006]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Míniú.

**1**.—San Acht seo, ciallaíonn "Príomh-Acht" an tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

An Príomh-Acht — oibriú agus bailíocht forálacha agus gníomhartha áirithe.

**2**.—(1) D'ainneoin alt 1(2) den Phríomh-Acht, measfar gur tháinig ailt 1, 2, 4, 5, 6 agus 8 go 10 den Acht sin (dá ngairtear "na hailt iomchuí" ina dhiaidh seo san Acht seo) i ngníomh an 10ú lá de Mheán Fómhair 2004.

(2) Dá réir sin—

(*a*) measfar, maidir leis na Rialacháin um Chomhairle Mhúinteoireachta (An Chéad Toghchán do Chomhaltaí), 2004 (I.R. Uimh. 916 de 2004), go ndearnadh iad go bailí agus gur tháinig siad i ngníomh an dáta a airbheartaítear go ndearnadh iad, eadhon, an 10ú lá de Mheán Fómhair 2004, agus

(*b*) (i) maidir le gach ceann de na toghcháin agus de na hainmniúcháin a luaitear in alt 8 den Phríomh-Acht agus a airbheartaítear a bheith seolta nó déanta roimh an Acht seo a rith, agus

(ii) maidir le haon choinníoll a bhí le comhlíonadh roimh sheoladh aon toghcháin den sórt sin nó roimh dhéanamh aon ainmniúcháin den sórt sin agus a airbheartaítear a bheith arna chomhlíonadh roimh an Acht seo a rith,

beidh aige, i ndáil lena sheoladh, lena dhéanamh nó lena chomhlíonadh, de réir mar a bheidh, an bhailíocht agus an éifeacht chéanna a bheadh aige dá mbeadh ordú faoi alt 1(2) den

Phríomh-Acht arna dhéanamh chun an 10ú lá de Mheán Fómhair 2004 a cheapadh mar an lá a thagann na hailt iomchuí i ngníomh.

Gan difear a bheith déanta d'fheidhmiú cumhachtaí áirithe amach anseo.

**3**.—Ní dhéanann aon ní in *alt 2* dochar d'fheidhmiú na gcumhachtaí faoi alt 1(2) den Phríomh-Acht amach anseo i ndáil le forálacha de chuid an Achta sin nach iad na hailt iomchuí iad.

Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú.

**4**.—(1) Féadfar an tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta (Leasú), 2006 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 agus 2006 a ghairm den Phríomh-Acht agus den Acht seo le chéile agus forléireofar le chéile iad mar aon Acht amháin.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€1.27

Wt. —. 42. 1/22. Essentra. (72907). Gr.30-15.

ISBN 978-1-4468-6249-0